



## ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

### OIFIGH FHEIDHMIÚCHÁIN BHUANA (PAINÉAL) DE DHÍTH

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is tábhachtaí a bhaineann leis an Údarás.

Is í an aidhm atá againn ná ‘Cinntiú a dhéanamh go soláthrófar na caighdeáin is airde agus is féidir de sheirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála ar feadh an tsaoil, ar mhaithe le leas leanaí mar an cuspóir is tábhachtaí atá againn riamh”

Tá fás suntasach tagtha ar an AAI go dtí seo agus é ag glacadh le feidhmeanna nua agus forleathnaithe mar thoradh ar an Reachtaíocht Faisnéise agus Rianaithe Breithe nua.

Tá roinnt deiseanna spreagúla againn faoi láthair ag gach leibhéal agus muid ag fás agus ag athrú ár n-eagraíochta.

Tá an AAI ag iarraidh Oifigh Feidhmiúcháin bhuana a earcú, a bheith lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá féidearthacht ann obair chumaisc a dhéanamh leis na poist seo ag brath ar na dualgais go léir a bheidh i gceist.

Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal chun folúntais bhuana reatha agus sa todhchaí a líonadh ar feadh tréimhse suas le 18 mí. Tá poist EO ar fáil ar fud na heagraíochta i réimsí mar réitigh TF, Cuntais Iníochta, agus Soláthar.

Táthar ag súil go mbeidh EOanna san AAI freagrach as tascanna agus go nglacfaidh siad úinéireacht orthu agus go dtiocfaidh siad chun críche go sásúil leo trí eagrú, leithdháileadh agus maoirseacht éifeachtach na hoibre a dhéanamh. Tá ról éagsúil ag an mbainistíocht shóisearach seo agus éilíonn sé go mbeidh an ról solúbtha, agus go mbeidh an té a cheapfar in ann oibriú de réir spriocdhátaí teann agus ag an am céanna a bheith tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.

Tá scála tuarastail EO idir €31,698 agus €52,894 in aghaidh na bliana (lena n-áirítear dhá incrimint fadtéarmach) le haghaidh 37 uair an chloig sa tseachtain.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh an pá tosaigh ag íospointe an scála de réir Ciorclán an Rialtais E100/8/82. D’fhéadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist maidir le hiarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís/Seirbhísí Poiblí.

Saoire Bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana ar bhonn seachtaine cúig lá agus gan laethanta saoire poiblí a áireamh.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochar den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsean ranníocach agus an deis le haghaidh tuilleadh oiliúna agus forbartha a dhéanamh.

**An dáta deiridh le haghaidh iarratas: Meán Iae Dé Céadaoin an 22 Meitheamh 2022**

Tabhair faoi deara le do thoil, cé go bhféadfadh iarratasóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, meastar go mbeidh líon na ndaoine a chuireann isteach ar an bpost seo chomh mór sin nach mbeidh sé ar ár gcumas agallamh a chur ar gach duine.